**An Roinn Cultúir,**
**Oidhreachta agus Gaeltachta**
Department of Culture,
Heritage and the Gaeltacht

# An Plean Gníomhaíochta Closamhairc
## *Colún 4 den Chlár Éire Ildánach*
# Audiovisual Action Plan
## *Creative Ireland Programme Pillar 4*



Developed by the Department of Culture, Heritage & the Gaeltacht

Forbartha ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

# Mol domhanda le haghaidh léiriú Scannán, Drámaí Teilifíse agus Beochaintí a dhéanamh d'Éirinn

*Ireland as a Global hub for the production of Film, TV Drama and Animation*

# **Clár**
# Contents


| | | |
|---|---|---|
| 1 | **Brollach**<br>Foreword | 6 |
| 2 | **Réamhrá**<br>Introduction | 8 |
| 3 | **Moltaí ón Anailís Eacnamaíoch ar an Earnáil Closamhairc in Éirinn**<br>Recommendations of Economic Analysis of Audiovisual Sector in Ireland | 12 |
| 4 | **Conclúid**<br>Conclusion | 34 |

# 1 Brollach leis an Aire
## Minister's Foreword

An 10 Aibreán 2018, ba chúis áthais dom dul i bpáirt leis an Taoiseach agus leis an Aire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun an plean infheistíochta caipitil *"Infheistíocht inár gCultúr, inár dTeanga agus inár nOidhreacht 2018–2027"* ó mo Roinn a sheoladh. Mórathrú san infheistíocht a dhéantar in oidhreacht chultúrtha na hÉireann ba ea an plean sin, rud trína n-infheisteofar €200m i Léiriú Meán agus sa Tionscal Closamhairc thar an gcéad deich mbliana eile.

Bhí an plean ar an gcéad bheart inbhraite san obair atá á déanamh ag an Rialtas chun mol domhanda le haghaidh léiriú scannán, drámaí teilifíse agus beochaintí a dhéanamh d'Éirinn.

Soláthrófar an infheistíocht trí Fhís Éireann/ Screen Ireland – an t-ainm nua ar Bhord Scannán na hÉireann/Irish Film Board. Tugann an t-athrú ainm aitheantas don uaillmhian nua atá ag Éirinn agus do na hathruithe a bhíonn ag teacht ar an tionscal closamhairc ar bhonn domhanda.

Leis an bPlean Gníomhaíochta Closamhairc, agus an anailís eacnamaíoch ar thionscal closamhairc na hÉireann atá taobh thiar de, comhlíontar an gealltanas a thugtar i gColún 4 den Chlár Éire Ildánach maidir le plean ar fud an tionscail ar fad a cheapadh chun Éire a fhorbairt ina ceannaire san earnáil.

Is iad na Ranna ábhartha agus a gcuid Gníomhaireachtaí a sholáthróidh na gníomhartha atá leagtha amach sa phlean ar fud an Rialtais. Déanfaidh Grúpa Stiúrtha Ardleibhéil maoirseacht ar sholáthar na ngníomhartha agus tabharfaidh sé tuairisc rialta dom ar an dul chun cinn.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Olsberg SPI with Nordicity, sainchomhairleoirí, as an tuarascáil uathu, rud atá mar bhonn eolais faoin bplean seo. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le gach duine ón earnáil a thóg an t-am chun a bhfís don earnáil a chur in iúl dúinn ag an gCeardlann ar Léiriú Meán a bhí ar siúl san Ospidéal Ríoga, Cill Mhaighneann, i mí na Bealtaine 2017.

On 10 April 2018, I was pleased to join with the Taoiseach and the Minister for Finance and Public Expenditure and Reform to launch my Department's capital investment plan *"Investing in our Culture, Language and Heritage 2018–2027"*.

This plan represented a step change in investment in Ireland's cultural heritage and incorporated an amount of €200m to be invested in Media Production and the Audiovisual Industry over the next 10 years.

This was a first tangible step in the Government's ambitions to enable Ireland become a global hub for the production of film, TV drama and animation.

The investment will be delivered through Fís Éireann/Screen Ireland – the new name for the Bord Scannán na hÉireann/Irish Film Board – the name change recognising both Ireland's new ambition and changing nature of the audio-visual industry globally.

This Audiovisual Action Plan, and the economic analysis of the Irish audiovisual industry which underpins it, also delivers on the commitment in Pillar 4 of the Creative Ireland Programme to deliver an industry-wide plan to make Ireland a leader in the sector.

The actions set out in the plan will be delivered across Government by relevant Departments and their Agencies and will be overseen by a High Level Steering Group which will report to me regularly on progress.

I wish to thank the consultants Olsberg SPI with Nordicity for their report which underpins this plan as well as all those from the sector who gave of their time to share their vision for the industry at the Media Production Workshop held in the Royal Hospital Kilmainham in May 2017.

Aithnítear sa tionscnamh nuasheolta *Éire Dhomhanda 2025* ón Rialtas a thábhachtaí atá oidhreacht chultúrtha na hÉireann maidir leis an tír a chur i láthair ar an ardán domhanda agus maidir lenár bhféiniúlacht náisiúnta a léiriú. Tugann an scannánaíocht deis dúinn é sin a dhéanamh ar bhealach an-éifeachtach. Ceann amháin de na huaillmhianta atá ag an tionscnamh *Éire Dhomhanda 2025* is ea méid earnáil léiriúcháin scannán na hÉireann a dhúbailt. Leagtar amach sa phlean seo conas a bhainfimid an uaillmhian sin amach.

**Josepha Madigan TD**
Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

The recently launched Government initiative *Global Ireland 2025* recognises the importance of Irish cultural heritage in introducing Ireland on the world stage and in expressing our national identity. Film offers us a way to do that in very impactful way. *Global Ireland 2025* seeks to double the size of Ireland's film production sector. This plan sets out how we will achieve that ambition.

**Josepha Madigan T.D.**
Minister for Culture, Heritage and the Gaeltacht

# 2 Mol domhanda le haghaidh léiriú Scannán, Drámaí Teilifíse agus Beochaintí a dhéanamh d'Éirinn

# Ireland as a Global hub for the production of Film, TV Drama and Animation

## Réamhrá

Is é an Clár Éire Ildánach Tionscadal Oidhreachta an Rialtais do Éire 2016 – Clár Comórtha Céad Bliain. Is tionscnamh cúig bliana é a bheidh ar siúl ón mbliain 2017 go dtí an bhliain 2022 agus ina gcuirtear an chruthaitheacht ag croílár den bheartas poiblí. Is ag Éirinn atá an tallann chruthaitheach, an stair scéalaíochta agus liteartha, an chreidiúnacht idirnáisiúnta, an láthair gheografach agus na struchtúir dhreasachta a theastaíonn chun a bheith ina ceannaire domhanda, chun scéalta iontacha Éireannacha agus uilíocha a insint ar an scáileán, agus chun earnáil closamhairc atá cruthaitheach agus bríomhar a chothú.

I gColún 4 den Chlár Éire Ildánach, dírítear ar an acmhainneacht atá ag Éirinn i léiriú scannán, i ndrámaí teilifíse, i gcláir faisnéise, sa scéalaíocht do leanaí agus sa bheochan. Is leis an gColún sin a sholáthraítear an comhthéacs agus an t-ardán don phlean seo. Agus cuid mhór ceannaitheoirí agus dáileoirí nua a bhfuil an-acmhainní acu ar lorg ábhar ar ardchaighdeán agus lucht féachana atá nasctha go domhanda anois, is mór an deis atá ag Éirinn a bheith ina ceannaire domhanda sa réimse seo.

Rinne an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta an plean *Infheistíocht inár gCultúr, inár dTeanga agus inár nOidhreacht 2018–2027* a sheoladh an 10 Aibreán 2018, rud ina leagtar amach cuspóirí an Rialtais maidir le hinfheistíocht chaipitil a dhéanamh i gCultúr, i dTeanga agus in Oidhreacht na hÉireann. Mórathrú sa chur chuige a ghlacann an Stát i leith infheistíocht chultúrtha is ea an gealltanas ón Rialtas cistiú caipitil ar fiú thart ar €1.2bn é a chur ar fáil dár gcultúr, dár n-oidhreacht agus dár dteanga ar feadh tréimhse deich mbliana. Infheisteofar €200m i Léiriú Meán agus sa Tionscal Closamhairc thar 10 mbliana an phlean Infheistíocht inár gCultúr, inár dTeanga agus inár nOidhreacht.

## Introduction

The Creative Ireland Programme is the Government's Legacy Programme for Ireland 2016 – a five-year initiative, from 2017 to 2022, which places creativity at the centre of public policy. Ireland has the creative talent, the storytelling and literary history, international credibility, geographic location and incentive structures to be a global leader, to tell compelling Irish and universal stories on screen, and to grow and sustain a vibrant creative audiovisual sector.

Pillar 4 of The Creative Ireland Programme focuses on Ireland's potential in film production, TV drama, documentary, children's storytelling and animation, and provides a context and platform for this plan. With many new and highly resourced buyers and distributors now looking for high quality content and a globally connected audience, the opportunity for Ireland to become a global leader in this area is significant.

On 10 April 2018, the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht launched *Investing in our Culture, Language and Heritage 2018–2027*, a plan which sets out the Government's objectives for capital investment in Ireland's Culture, Language and Heritage. The Government's commitment to provide close to €1.2bn in capital funding for culture, heritage and our language over a ten year period represents a major step-change in the State's approach to cultural investment. Investing in our Culture, Language and Heritage incorporates an amount of €200m of investment in Media Production and the Audiovisual

Is é croíchuspóir an Phlean Gníomhaíochta Closamhairc seo an timpeallacht a theastaíonn ó Éirinn a chruthú ionas go n-éireoidh sí ina mol domhanda le haghaidh léiriú scannán, drámaí teilifíse agus beochaintí. Ba faoin gClár Éire Ildánach a ceapadh an plean fadtéarmach seo don tionscal ar fad agus réitítear ann an bealach le haghaidh ceannaire san earnáil closamhairc a dhéanamh d'Éirinn. Comhpháirtithe tábhachtacha sa Phlean Gníomhaíochta seo is ea an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta; an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil; agus an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus a gcuid gníomhaireachtaí.

**Ba ó thrí phríomh-aschur a cuireadh an Plean Gníomhaíochta le chéile;**

1. Chuir Olsberg SPI with Nordicity **(OSN)**, sainchomhairleoirí idirnáisiúnta closamhairc, Tuarascáil i gcrích i mí na Nollag 2017. Ba iad na comhpháirtithe tábhachtacha atá leagtha amach thuas a choimisiúnaigh an Tuarascáil sin. Sa Tuarascáil, déantar anailís eacnamaíoch ar thionscal closamhairc na hÉireann agus moltar idirghabhálacha beartais a mhéadódh luach na hearnála agus an líon daoine atá fostaithe inti. Déantar sa Tuarascáil 30 moladh beartais (atá grúpáilte faoi ocht réimse beartais ar leith) a chuireann síos ar na dúshláin atá roimh an earnáil closamhairc in Éirinn.
2. Rinne an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta Ceardlann ar Léiriú Meán a óstáil san Ospidéal Ríoga, Cill Mhaighneann, i mí na Bealtaine 2017. Ba é aidhm na ceardlainne ionchur a fháil ó thionscal closamhairc na hÉireann. D'fhreastail breis agus 150 ionadaí ó na hearnálacha scannánaíochta, craolacháin agus beochana uirthi.
3. Rinne Fís Éireann (Bord Scannán na hÉireann roimhe seo) agus Údarás Craolacháin na hÉireann Crowe Horwath, sainchomhairleoirí, a choimisiúnú chun tuarascáil a chur le chéile maidir le "*Strategy for the Development of Skills for the Audiovisual industry in Ireland*". Tugadh an tuarascáil sin chun críche i mí na Bealtaine 2017.

Industry over the 10 years of the plan.
The core objective of this Audiovisual Action Plan is to provide the necessary environment for Ireland to become a global hub for the production of Film, TV drama and animation. This industry-wide, long-term plan under the Creative Ireland Programme will provide a pathway to make Ireland a leader in this sector. The Departments of Culture, Heritage and the Gaeltacht; Communications, Climate Action and Environment; and Business, Enterprise and Innovation and their agencies are key partners in this Action Plan.

**The Action Plan has been generated from three key inputs;**

1. In December 2017, international audiovisual consultants Olsberg SPI with Nordicity **(OSN)** completed a Report commissioned by the key partners above. The Report encompasses an economic analysis of the Irish audiovisual industry and makes recommendations for policy interventions which would increase the value of and numbers employed in the sector. The Report made 30 policy recommendations (Grouped under eight policy sections) which describe the challenges faced by the audiovisual sector in Ireland.
2. In May 2017, the Minister for Culture, Heritage and the Gaeltacht hosted a Media Production Workshop at the Royal Hospital Kilmainham to invite input from the Irish audiovisual industry. It was attended by over 150 representatives of the film, broadcast and animation sectors.
3. Screen Ireland (formerly the Irish Film Board) and Broadcasting Authority of Ireland (BAI) commissioned consultants Crowe Horwath to produce a report on a *"Strategy for the Development of Skills for the Audiovisual industry in Ireland"* which was finalised in May 2017.

Sainaithnítear sa Tuarascáil ó OSN gur chothaigh na hearnálacha closamhairc agus raidió geall le 17,000 post lánaimseartha sa bhliain 2016. Chuir na hearnálacha closamhairc agus raidió oll-bhreisluach arbh fhiú thart ar **€1.1 billiún** san iomlán é le geilleagar na hÉireann sa bhliain 2016 freisin.

Cé go bhfuil an earnáil raidió ar áireamh sna príomhfhigiúirí atá sa tuarascáil, is leis an earnáil closamhairc a phléitear go príomha sa Tuarascáil ó OSN. Áirítear leis an earnáil closamhairc:

- **An scannánaíocht, an teilifís agus an bheochan,**
- **An fhógraíocht tráchtála, agus**
- **Físchluichí.**

Is le hearnáil closamhairc na hÉireann, agus léise amháin, a bhaineann na moltaí ó na sainchomhairleoirí. Fuarthas amach sa Staidéar gur chothaigh an earnáil closamhairc geall le **14,370** post coibhéise lánaimseartha sa bhliain 2016, gurbh é **€661.2** milliún an pá iomlán (díreach, indíreach agus spreagtha) a íocadh le fostaithe san earnáil le linn na bliana agus gur chuir an earnáil oll-bhreisluach iomlán **€857 milliún** le geilleagar na hÉireann sa bhliain 2016 . Ina theannta sin, sholáthair sí onnmhairí cultúrtha luachmhara a bhfuil cumas acu dul i bhfeidhm ar a lán daoine ar fud an domhain agus a théann chun tairbhe do thionscail eile amhail an earnáil turasóireachta. Is dírithe ar an domhan ar fad atá cuid mhór d'earnálacha closamhairc na hÉireann agus fuair na sainchomhairleoirí amach gur ghin na hearnálacha sin tuilleamh onnmhairiúcháin arbh fhiú **€191 mhilliún** é do gheilleagar na hÉireann sa bhliain 2016.

Is é aidhm an phlean seo infheistíocht mhéadaithe agus léiriú méadaithe araon a bhrú chun cinn in earnáil closamhairc na hÉireann. Chun cabhrú leis an aidhm sin a bhaint amach, tabharfaidh an Rialtas tacaíocht don earnáil closamhairc, mar shampla, tríd an gcistiú Státchiste a chuirfear ar fáil d'Fhís Éireann. Ina theannta sin, leanfaidh dreasacht chánach alt 481 le rannchuidiú le forbairt agus inbhuanaitheacht thionscal scannánaíochta na hÉireann, agus poist á gcothú aici sa gheilleagar intíre, i dtionscal cultúrtha straitéiseach agus san earnáil turasóireachta in Éirinn.

The report by OSN has identified that the audiovisual & radio sectors supported nearly **17,000** full-time jobs in 2016. The audiovisual and radio sectors also generated a total of approximately **€1.1 billion** in gross value added to the Irish economy in 2016.

While the headline figures in the report encompassed the radio sector, the main focus of the OSN Report is the audiovisual sector which includes

- **Film, TV and animation,**
- **Commercial advertising, and**
- **Video games.**

The consultants' recommendations apply only to Ireland's audiovisual sector. The Study found that the audiovisual sector supported nearly **14,370** full-time equivalents jobs in 2016; with total compensation for employees in these sectors reaching **€661.2** million (direct, indirect and induced) and that the audiovisual sector generated a total of **€857 million** in gross value added to the Irish economy in 2016. It also provided valuable cultural exports with the ability to reach substantial global audiences which brings benefits to other industries such as the tourism sector. A large part of Ireland's audiovisual sectors are global-facing and the consultants found that these sectors generated an estimated **€191 million** in export earnings for the Irish economy in 2016.

This plan aims to drive both increased investment and production in Ireland's audiovisual sector. To assist in this aim, the Government will provide support to the audiovisual sector through Exchequer funding provided, for example, to Screen Ireland. In addition, the Section 481 tax incentive will continue to contribute to the development and sustainability of the Irish screen industry, supporting jobs in the domestic economy, a strategic cultural industry and the tourism sector in Ireland.



Déantar infheistíocht phoiblí shuntasach san earnáil seo trí chistiú Státchiste agus trí fháltais táille ceadúnais teilifíse. Ní hé amháin go gcistíonn an infheistíocht sin Craoltóirí Seirbhíse Poiblí agus an Ciste Craolacháin go díreach, ach tacaíonn sí leis an mórearnáil go hindíreach freisin trí choimisiúnú neamhspleách ag RTÉ agus ag TG4.

I dteannta na dtacaí airgeadais sin, beidh sé riachtanach na moltaí atá sna tuarascálacha ó Olsberg SPI with Nordicity (OSN) agus ó Crowe Howarth a chur chun feidhme má táthar chun aidhmeanna Cholún 4 den Chlár Éire Ildánach a bhaint amach. Tá an Tuarascáil ó OSN á foilsiú i gcomhthráth le foilsiú an phlean seo.

There is significant public investment in the sector through both Exchequer and TV licence fee receipts which directly funds Public Service Broadcasters and the Broadcasting Fund, as well as indirectly supporting the wider sector through independent commissioning from RTE and TG4.

In addition to those financial supports, the pathway to achieving the aims of Pillar 4 of the Creative Ireland Programme requires implementation of the recommendations of the Olsberg SPI with Nordicity (OSN) and Crowe Howarth reports. The OSN Report is being published alongside this plan.



Image courtesy of Element Pictures

# 3 Moltaí ón Anailís Eacnamaíoch ar an Earnáil Closamhairc in Éirinn

## Recommendations of Economic Analysis of Audiovisual Sector in Ireland

Déantar sa Tuarascáil ó OSN ocht mórmholadh beartais a bhfuil mar aidhm leo dul i ngleic leis na dúshláin atá roimh an tionscal closamhairc in Éirinn. Luaitear inti, dá gcuirfí na moltaí sin chun feidhme, go bhféadfadh earnáil closamhairc na hÉireann fostaíocht san fho-earnáil "scannánaíochta, teilifíse agus beochana" a mhéadú faoi dhó laistigh de thréimhse cúig bliana go breis agus 24,000 coibhéis lánaimseartha agus go bhféadfadh sí oll-bhreisluach arbh fhiú beagnach €1.4 billiún é a sholáthar sa tréimhse chéanna. Is é aidhm an Phlean Gníomhaíochta Closamhairc na mórmholtaí sin a chur chun feidhme thar an gcéad chúig bliana eile.

**Tá na moltaí leagtha amach thíos in éineacht leis na gníomhartha comhaontaithe a chomhfhreagraíonn do na moltaí sin.**

### 1. Maoirseacht:

**Moladh ó OSN:**
Freagracht Shoiléir as an bPlean Cur Chun Feidhme: Ba in easnamh ar phleananna straitéiseacha roimhe seo a bhí gníomhaireacht nó grúpa a bhí freagrach as cur chun feidhme an phlean. Dá bhrí sin, molaimid go gcoinneofaí an Grúpa Stiúrtha reatha ar bun, go leathnófaí é chun go n-áireofaí leis ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha eile agus go gcuirfí de dhualgas air an plean a chur chun feidhme.

**Freagra ar an moladh maidir le Maoirseacht:**
Leanfaidh an Grúpa Stiúrtha a bunaíodh chun maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar na Tuarascála ó OSN lena chuid oibre chun rialachas agus treo a sholáthar maidir leis an bPlean Gníomhaíochta Closamhairc a chur chun feidhme.

The OSN Report makes eight broad policy recommendations based on addressing the challenges facing the audiovisual industry in Ireland and states that with the implementation of these recommendations, Ireland's audiovisual sector could, in a period of five years, double employment in the "film, television and animation" sub sector to over 24,000 full time equivalents (FTEs) and a gross value added of nearly €1.4 billion. The Audiovisual Action Plan seeks to implement these major recommendations over the next five years.

**The recommendations are set out below with the agreed actions responding to those recommendations.**

### 1. Oversight:

**OSN Recommendation:**
Clear Ownership of Implementation Plan: Previous strategic plans have lacked an agency or group responsible for implementation, as such we recommend the present Steering Group is continued, and expanded to include other relevant departments and agencies, and charged with implementation.

**Response to Oversight recommendation:**
The Steering Group established to oversee the delivery of the OSN Report will continue in existence to provide governance and direction in the implementation of the Audiovisual Action Plan.

**na hÉireann fostaíocht san fho-earnáil "scannánaíochta, teilifíse agus beochana" a mhéadú faoi dhó laistigh de thréimhse cúig bliana go breis agus 24,000 coibhéis lánaimseartha agus go bhféadfadh sí oll-bhreisluach arbh fhiú beagnach €1.4 billiún é a sholáthar sa tréimhse chéanna.**

Ireland's audiovisual sector could, in a period of five years, double employment in the "film, television and animation" sub sector to over 24,000 full time equivalents and a gross value added of nearly €1.4 billion.

Beidh sé mar chuspóir ag an nGrúpa Stiúrtha:

- **Maoirseacht a dhéanamh agus treo a sholáthar ar mhaithe le cur chun feidhme rathúil an Phlean a chinntiú**
- **Tosaíochtaí a leagan síos atá bunaithe ar na moltaí atá sa phlean**
- **Sainaithint agus faireachán a dhéanamh ar aon rioscaí atá ann do chur chun feidhme an phlean**

Is iad seo a leanas na comhaltaí den Ghrúpa Stiúrtha: ***(1)*** an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta; ***(2)*** an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil; ***(3)*** an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta; ***(4)*** Údarás Craolacháin na hÉireann; agus ***(5)*** Fís Éireann. Leathnófar an comhaltas den Ghrúpa chun go n-áireofaí leis ***(6)*** an Roinn Airgeadais agus ***(7)*** an Roinn Oideachais agus Scileanna. Féadfar comhaltaí eile a ainmniú chun dul isteach sa ghrúpa de réir mar is gá.

The purpose of the Steering Group will be to:

- **Oversee and provide direction to ensure the successful implementation of the Plan.**
- **Set priorities based on the recommendations in the plan**
- **Identify and monitor risks to the implementation of the plan**

Membership of the Steering Group: ***(1)*** Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht; ***(2)*** Department of Communications, Climate Action and Environment, ***(3)*** Department of Business, Enterprise and Innovation, ***(4)*** Broadcasting Authority of Ireland, and ***(5)*** Screen Ireland, will be expanded to include ***(6)*** Department of Finance and ***(7)*** Department of Education and Skills. Additional members may be nominated to join the group as required.




*Dublin Oldschool* behing the scenes
Image courtesy of Element Pictures

## 2. Faoiseamh Cánach Scannán Alt 481

**Moladh ó OSN:**
(A) Go bhFógródh Rialtas na hÉireann go bhfuil sé mar aidhm aige Alt 481 a Leathnú: Tá alt 481 ina thaca ríthábhachtach d'earnáil léiriúcháin na hÉireann, rud a ghineann poist agus a sholáthraíonn tairiscint luacha láidir don sparán poiblí. Mar sin, molaimid go gcuirfeadh Rialtas na hÉireann in iúl go bhfuil sé beartaithe aige an scéim a leathnú a luaithe is féidir.

(B) Uasteorainn Caiteachais Alt 481 a Mhéadú: Ar mhaithe leis an gcuid is fearr a bhaint as na deiseanna atá ann léirithe ardbhuiséid a mhealladh, molaimid go méadófaí, ó €70m go €100m, an teorainn ar "chaiteachas incháilithe" in aghaidh an tionscadail faoi alt 481.

(C) Rialacháin Alt 481 a Athbhreithniú: Maidir le hoibriú alt 481, tá roinnt forálacha agus ceanglas ar leith ann ba cheart a athbhreithniú i bhfianaise na dtosca beartais is bun leo agus na físe d'fhás na hearnála. Ba cheart don Rialtas tabhairt faoin athbhreithniú sin i gcomhar leis an earnáil ionas go mbeidh straitéis chomhtháite don fhás ann, ar straitéis í lena mbaintear cothromaíocht amach idir an earnáil in Éirinn a chur chun cinn agus a fhorbairt, tacaíocht éifeachtach éifeachtúil a chur ar fáil le haghaidh léirithe a mhealladh isteach go hÉirinn agus na cosaintí riachtanacha a thabhairt d'oibriú leanúnach na dreasachta.

(D) Raon Feidhme Alt 481 a Leathnú chuig Cluichí: Bac ar fhorbairt na hearnála cluichí in Éirinn is ea an easpa rochtana atá aici ar an gcistiú iontaofa atá ar fáil i dtíortha comharsanacha. Tacófar le forbairt na hearnála má leathnaítear Faoiseamh Cánach Alt 481 chuig an earnáil.





## 2. Section 481 Film Tax Relief

**OSN Recommendation:**
(A) Irish Government Announce its aim to Extend Section 481: Section 481 is a critical support for the Irish production sector, generating jobs, and providing a strong value proposition for the public purse; as such, we recommend that the Irish Government signal its intention to extend the scheme as soon as possible.

(B) Increase Section 481 Expenditure Ceiling: In order to maximise the opportunities to attract higher budget productions, we recommend an increase in the cap per project on "eligible expenditure" under Section 481 from €70m to €100m.

(C) Revision of Section 481 Regulations: There are a number of particular provisions and requirements relating to the way Section 481 operate which should be reviewed in the light of the underpinning policy considerations and the vision for the growth of the sector. This review should be undertaken by Government in consultation with the sector so that there is an integrated strategy for growth which balances the promotion and development of the sector in Ireland, efficient and effective support for inward production into Ireland, and the necessary protections for the ongoing operation of the incentive.

(D) Extension of Section 481 to Games: The development of Ireland's games sector is inhibited by the lack of access to reliable funding, which is available in neighbouring nations; the extension of Section 481 Tax Relief to the games sector will support the development of the sector.

**Freagra ar na moltaí maidir le Faoiseamh Cánach Scannán Alt 481:**
Tá córas creidmheasa cánach alt 481 ina chuid ríthábhachtach den bhonneagar airgeadais den tionscal closamhairc in Éirinn. Tá alt 481 á athbhreithniú faoi láthair sa bhliain 2018 faoi na treoirlínte ón Roinn Airgeadais maidir le caiteachas cánach. Ar aon dul leis an dea-chleachtas ó thaobh caiteachas cánach de, tá clásal éagtha in alt 481 atá le dul in éag ag deireadh na bliana 2020. Is é an tAire Airgeadais a chinnfidh, tar éis an phróisis athbhreithnithe, cé acu a leathnófar nó nach leathnófar an scéim. Tá an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta ag obair leis an Roinn Airgeadais maidir leis an athbhreithniú sin, lena n-áirítear na gnéithe oibríochtúla agus rialála den chreidmheas cánach agus na nithe a tharraing OSN anuas. Tá an Roinn ag obair leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir le riar alt 481 freisin chun a chinntiú go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm go fóill agus go ngnóthaíonn sé na cuspóirí atá leis.

## 3. Athbhreithniú Straitéiseach ar an gCistiú le haghaidh Príomhscannán

**Moladh ó OSN:**

Athbhreithniú ó Bhonn a Dhéanamh ar an gCistiú le haghaidh Príomhscannán:
Chun teacht ar chineálacha cur chuige malartacha agus nuálacha i leith príomhscannáin a chistiú, ba cheart don Bhord Scannán athbhreithniú ó bhonn a dhéanamh ar an dóigh a gcistítear an earnáil in Éirinn, faoi mar atá beartaithe sa Phlean Straitéiseach 2016-2020 ón mBord.

**Freagra ar an Moladh maidir le hAthbhreithniú Straitéiseach:**

Athraíodh ainm Bhord Scannán na hÉireann/Irish Film Board go Fís Éireann/Screen Ireland an 18 Meitheamh 2018. Déanfaidh Fís Éireann mionstaidéar ar na samhlacha cistiúcháin stáit atá ar bun i dtíortha eile laistigh den Aontas Eorpach agus lasmuigh de araon.

**Response to Section 481 Film Tax Relief recommendations:**
The Section 481 tax credit system is a vital part of the financial infrastructure of the audio-visual industry in Ireland. Section 481 is currently being reviewed in 2018 under the tax expenditure guidelines of the Department of Finance. In line with best practice for tax expenditures, Section 481 contains a sunset clause and it is due to expire at end-2020. A decision as to extension of the scheme will be signalled by the Minister for Finance, following this review process. The Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht is engaging with the Department of Finance in relation to this review including the operational and regulatory aspects of the tax credit and the matters raised by OSN. The Department is also engaged with the Revenue Commissioners on the administration of Section 481 to ensure that it remains fit for purpose and achieves its objectives.

## 3. Strategic Review of Feature Film Funding

**OSN Recommendation:**
Root and Branch Review of Feature Film Funding:
In order to identify alternative and innovative approaches to feature film funding the Irish Film Board (IFB) should undertake a root and branch review of how the sector is funded in Ireland as proposed in its Strategic Plan 2016-2020.

**Response to Strategic Review Recommendation:**
The name of Bord Scannán na hÉireann/ Irish Film Board changed to Fís Éireann/Screen Ireland on 18 June 2018. Screen Ireland will undertake a detailed study of state funding models in other countries, both within the EU and elsewhere. This review will examine how feature film agencies are funded, such as from public or non-public sources as well as from public service and other broadcasters. Screen Ireland will finalise this study in the first quarter of 2019 for consideration by the Steering Group.

Féachfar san athbhreithniú sin ar an dóigh a gcistítear gníomhaireachtaí príomhscannán, mar shampla, an cistiú a fhaightear ó fhoinsí poiblí nó neamhphoiblí, ó chraoltóirí seirbhíse poiblí agus ó chraoltóirí eile. Tabharfaidh Fís Éireann an staidéar sin chun críche sa chéad ráithe den bhliain 2019 lena bhreithniú ag an nGrúpa Stiúrtha ansin.

## 4. Cistiú:

**Moladh ó OSN:**

(A) Cistiú Méadaithe a Thabhairt do Bhord Scannán na hÉireann: Tar éis an chúlaithe, rinneadh gearradh siar suntasach ar an tsocraíocht cistiúcháin a fhaigheann an Bord Scannán. Má thugtar an cistiú sin ar ais, cumasófar don Bhord Scannán tuilleadh infheistíochta a dhéanamh san earnáil.

(B) Cistiú le haghaidh Comhléirithe: Ar mhaithe leis an líon comhléirithe scannánaíochta agus teilifíse a bhíonn á ndéanamh in Éirinn a mhéadú, ba cheart cistiú breise a thabhairt don Bhord Scannán ionas gur féidir leis tacú le tionscadail den sórt sin a fhorbairt agus a léiriú.

(C) Cistiú le haghaidh Forbairt: Ar mhaithe le cur leis an luach a bhíonn ar léirithe Éireannacha san áit mhargaidh trína chinntiú go mbíonn siad lánfhorbartha sula dtosófar ar a léiriú, moltar go dtabharfaí ciste sonrach isteach le haghaidh scannáin, drámaí teilifíse agus formáidí teilifíse a fhorbairt.

(D) Cistiú le haghaidh Drámaí Teilifíse: I bhfianaise na heaspa léirithe teilifíse Éireannacha atá tagtha chun cinn le blianta beaga anuas – rud a chuireann bac ar rath a bhaint amach i margadh idirnáisiúnta a bhíonn ag fás – molaimid go dtabharfaí ciste sonrach isteach le haghaidh drámaí teilifíse chun tacú le drámaí teilifíse Éireannacha nua a chumadh.

## 4. Funding:

**OSN Recommendation:**

(A) Increase IFB Funding: In the aftermath of the recession, the funding settlement for the IFB was cut by a significant amount; restoration of this funding will allow the IFB to invest further in the sector.

(B) Co-Production Funding: In order to increase the volume of film and TV co-productions being made in Ireland, additional funding should be granted to the IFB to support the development and production of such projects.

(C) Development Funding: To increase the value of Irish productions in the marketplace by ensuring they are fully developed before entering production, a specific fund for the development of films, TV drama, and TV formats is proposed.

(D) TV Drama Funding: As Irish domestic TV productions have been limited in recent years, inhibiting success in a growing international market, we recommend that a specific TV drama production fund to support the production of new Irish TV drama content.

(E) Games Prototype Funding: Ireland's games companies struggle to find funding for the development of projects; the introduction of a prototype fund is recommended to support companies to generate a prototype game, to take to the market for further funding.

(F) Business Development Funding: Businesses in the creative sector are under-capitalised, limiting their ability to hold onto Intellectual Property, and inhibiting the downstream cultural impact of projects; introducing a business development funding stream would help to address this.

(E) Cistiú le haghaidh Fréamhshamhlacha Cluichí: Bíonn cuideachtaí cluichí na hÉireann ag streachailt le teacht ar chistiú le haghaidh tionscadail a fhorbairt. Mar sin, moltar go dtabharfaí ciste isteach le haghaidh fréamhshamhlacha chun tacú le cuideachtaí cluiche fréamhshamhla a ghiniúint, rud is féidir leo a thabhairt chuig an margadh chun tuilleadh cistiúcháin a ghnóthú.

(F) Cistiú le haghaidh Forbairt Ghnó: Is tearc-chaipitlithe a bhíonn gnólachtaí san earnáil cruthaitheachta. Cuireann sé sin srian ar an gcumas a bhíonn acu Maoin Intleachtúil a choinneáil ina seilbh agus cuireann sé as don tionchar cultúrtha iartheachtach a bhíonn ag a gcuid tionscadal. Is féidir dul i ngleic leis an méid sin ar fad trí shruth cistiúcháin a thabhairt isteach le haghaidh forbairt ghnó.

(G) Mapa Soiléir den Mhaoiniú atá ar Fáil: Bíonn cuideachtaí san earnáil ag streachailt leis an gcistiú atá ar fáil dóibh a aimsiú. Is féidir dul i ngleic leis sin trí mhapa soiléir a sholáthar den mhaoiniú atá ar fáil.

(H) Cistiú Méadaithe a Thabhairt do Choimisiún Scáileáin an Bhoird Scannán: Cé go n-imríonn Coimisiún Scáileáin an Bhoird Scannán ról luachmhar maidir le comhpháirtithe féideartha infheistíochta isteach a chur ar an eolas faoi na deiseanna atá ann in Éirinn, tá sé gann ar acmhainní ó thús na géarchéime i leith. Moltar go gcuirfí tuilleadh cistiúcháin ar fáil dó chun tacú leis bunaíocht bhuan a athbhunú sna Stáit Aontaithe, tuilleadh turas taithíochta a eagrú agus straitéis cumarsáide níos comhtháite a shaothrú.

(I) Ciste Réigiúnach Léiriúcháin a Fhorbairt: Is dírithe go mór ar na mórcheantair uirbeacha atá earnáil léiriúcháin na hÉireann. Mar thoradh ar na hardchostais agus ar an easpa ball foirne atá ann lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, moltar go dtabharfaí ciste réigiúnach isteach chun freastal ar na costais ar scannánú a dhéanamh sna réigiúin agus chun a bheith ina chuid de phlean forbartha straitéisí le haghaidh tionscal réigiúnach a fhorbairt.

(G) Clear Map of Available Finance: Companies operating in the sector struggle to navigate the funding which is available to them, generating a clear map of available finance will help to address this.

(H) Increase IFB Screen Commission Funding: The IFB Screen Commission plays a valuable role in informing potential inward investment partners of the opportunities in Ireland, but has been under-resourced since the crisis; providing additional funding to support the reintroduction of a permanent US establishment, additional 'fam' trips, and a more integrated communications strategy is proposed.

(I) Develop a Regional Production Fund: Ireland's production sector is highly metro-centric, with higher costs and limited crew outside of Dublin; introducing a regional fund to defray the costs of filming in the regions, and to form part of a strategic development plan for regional industry development, is proposed.



*Brooklyn*
Image courtesy of Screen Ireland

**Freagra ar na Moltaí maidir le Cistiú:**
Rinne an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta an plean *Infheistíocht inár gCultúr, inár dTeanga agus inár nOidhreacht 2018-2027* a sheoladh an 10 Aibreán 2018, rud ina leagtar amach cuspóirí an Rialtais maidir le hinfheistíocht chaipitil a dhéanamh i gCultúr, i dTeanga agus in Oidhreacht na hÉireann. Ar aon dul leis an gClár Éire Ildánach, aithnítear sa phlean go bhfuil infheistíocht ina cuid dhílis d'earnáil léiriúcháin mheán atá bríomhar agus go bhfuil infheistíocht inár n-oidhreacht chultúrtha mar bhonn agus thaca ag comhtháthú sóisialta agus ina toisc thábhachtach taobh thiar d'fhás geilleagrach atá láidir agus inbhuanaithe.

Is é is aidhm don Phlean cabhrú le hÉirinn a chur chun cinn agus a cheiliúradh mar lárionad sármhaitheasa chultúrtha agus mar fhoinse oidhreachta saibhre nádúrtha agus tógtha. Leagfar amach sa Phlean na tosaíochtaí ardleibhéil straitéiseacha caipitil a bheidh ag an Roinn thar an gcéad deich mbliana eile, lena n-áireofar earnáil Léiriúcháin Mheán agus Chlosamhairc atá bríomhar a fhorbairt agus deiseanna eacnamaíocha nua a chruthú ar fud na hÉireann trí thacaíocht mhéadaithe ón Rialtas. Trí Fhís Éireann (an Bord Scannán roimhe seo), infheisteofar €200m i Léiriú Meán agus sa Tionscal Closamhairc thar 10 mbliana an phlean *Infheistíocht inár gCultúr, inár dTeanga agus inár nOidhreacht*.

Ag féachaint do na moltaí atá sa Tuarascáil ó OSN, díreofar an cistiú caipitil breise san earnáil go príomha ar an léiriú scannán, ar dhrámaí teilifíse ardchaighdeáin agus ar an mbeochan faoi na ceannteidil seo a leanas:-

**(a)** Cistiú le haghaidh comhléirithe chun tacú le tuilleadh tionscadal a fhorbairt agus a léiriú
(b) Cistiú le haghaidh forbairt chun cur leis an luach a bhíonn ar léirithe Éireannacha san áit mhargaidh trína chinntiú go mbíonn siad lánfhorbartha sula dtosófar ar a léiriú
**(c)** Ciste sonrach a thabhairt isteach i gcomhairle leis an earnáil le haghaidh scannáin, drámaí teilifíse agus formáidí teilifíse a fhorbairt
**(d)** Cistiú a chur ar fáil chun léiriú drámaí teilifíse

**Response to Recommendations relating to Funding:**
On 10 April 2018, the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht launched *Investing in our Culture, Language and Heritage 2018-2027*, a plan which sets out the Government's objectives for capital investment in Ireland's Culture, Language and Heritage. In line with the Creative Ireland Programme, the plan recognises that investment is critical for a vibrant media production sector and that investment in our cultural heritage underpins social cohesion and supports strong, sustainable economic growth.

The Plan is designed to help promote Ireland and celebrate Ireland as a centre of cultural excellence and a source of rich natural and built heritage. This Plan will set out the high-level, strategic capital priorities for the Department over the next ten years which will include the development of a vibrant Media Production and Audiovisual sector, bringing new economic opportunities across Ireland, through increased Government support. *Investing in our Culture, Language and Heritage* incorporates an amount of €200m of investment in Media Production and the Audiovisual Industry through Screen Ireland (formerly the IFB) over the 10 years of the plan.

Having regard to the recommendations in the OSN Report, additional capital funding in the sector will focus primarily on film production, High End TV drama and animation under the following headings:-

**(a)** Co-Production funding to support the development and production of more projects
**(b)** Development funding to increase the value of Irish productions in the marketplace by ensuring they are fully developed before entering production,
**(c)** A specific fund for the development of films, TV drama, and TV formats will be developed in consultation with the sector

Éireannacha nua a spreagadh. Tá fíoreaspa drámaí teilifíse Éireannacha tagtha chun cinn le blianta beaga anuas agus cumasóidh an cistiú nua seo d'Éirinn páirt a ghlacadh sa mhargadh idirnáisiúnta d'ábhar den sórt sin – ar margadh é a bhíonn ag fás – agus eispéireas cultúrtha na hÉireann a léiriú ag an am céanna.
**(e)** Ciste Réigiúnach Léiriúcháin, a bhfuil mar aidhm leis cabhrú le freastal ar an gcostas ar scannánú a dhéanamh lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus de Chill Mhantáin. Ba le cúnamh ó Fhís Éireann a mealladh an léiriú nua ar Nightflyers le George RR Martin go Luimneach. Réitíonn sé sin an bealach le haghaidh léirithe ardleibhéil a scannánú i réigiúin eile.
**(f)** Oiliúint bhreise ar oibrithe agus chriúnna scannáin, go háirithe sna réigiúin.

**Is iad seo a leanas na costais a mheastar a bheith ag baint le roinnt de na moltaí:**

- **Cistiú le haghaidh Comhléirithe: meastar go mbeidh costas breise €3 mhilliún in aghaidh na bliana i gceist anseo;**
- **Cistiú le haghaidh Forbairt: meastar go mbeidh costas breise €2 mhilliún in aghaidh na bliana i gceist anseo;**

Freastalófar ar chostas an dá ghné sin laistigh den ranníocaíocht mhéadaithe a chuirfidh an Státchiste ar fáil d'Fhís Éireann, mar atá leagtha amach sa phlean *Infheistíocht inár gCultúr, inár dTeanga agus inár nOidhreacht 2018-2027*.

Meastar go mbeidh an Cistiú le haghaidh Drámaí Teilifíse cothrom le €10m in aghaidh na bliana, ar infheistíocht í lena nginfí caiteachas comhléiriúcháin in Éirinn ar fiú suas le €50 milliún in aghaidh na bliana é.

Breithneoidh an Grúpa Stiúrtha an t-athbhreithniú ar an dóigh a soláthraítear Cistiú le haghaidh Comhléirithe, Forbairt agus Drámaí Teilifíse, agus aird á tabhairt aige ar an gcistiú breise a chuirfear ar fáil d'Fhís Éireann agus ar aon chistiú a chuirfear ar fáil tríd an Údarás Craolacháin agus trí RTÉ sa réimse seo. Rinne an tÚdarás Craolacháin ciste comhfhorbartha

**(d)** Funding to encourage the production of new Irish TV drama content. In recent years, there has been very little Irish domestic TV Drama and new funding will allow Ireland to take its place in this growing international market as well as reflecting Ireland's cultural experience.
**(e)** A Regional Production Fund aimed at assisting with the cost of filming outside of the Dublin and Wicklow regions. The recently announced production of George RR Martin's Nightflyers in Limerick was made possible by Screen Ireland and unlocks the potential of other regions to support high-end productions.
**(f)** Additional training of film workers and crew particularly in the regions.

**The costs associated with some of recommendations are estimated as follows:**

- **Co-Production Funding: cost estimated to be an additional €3 million per annum;**
- **Development Funding: cost estimated to be an additional €2 million per annum;**

The cost of these two elements will be met within the increased Exchequer contribution for Screen Ireland as set out in *Investing in our Culture, Language and Heritage 2018-2027*.

It is estimated that TV Drama Funding would cost an estimated at €10m per annum which would generate co-production expenditure in Ireland of up to €50 million per annum.

A review of how Co-Production, Development, and TV Drama are funded will be considered by the Steering Group having regard to the additional funding provided to Screen Ireland, as well as funding which may be channelled through the Broadcasting Authority of Ireland as well as RTÉ's plans in this area. The BAI has already launched a new co-development fund worth €450,000 with the Canada Media Fund.

Increased Government funding for Screen Ireland in recent years (e.g. €1.53 million or 9% in 2018 alone) will allow Screen Ireland to implement a number of

nua ar fiú €450,000 é a sheoladh le Ciste Meán Cheanada cheana féin.

A bhuí leis an gcistiú méadaithe atá curtha ar fáil ag an Rialtas don eagraíocht le blianta beaga anuas (e.g., méadú €1.53 milliún nó 9% sa bhliain 2018 amháin), beidh Fís Éireann in ann roinnt moltaí a chur chun feidhme, lena n-áirítear scileanna a fhorbairt, cuairt a thabhairt ar mhargaí, Éire a chur i láthair ag ócáidí agus láithreacht níos láidre a fhorbairt i margaí tábhachtacha amhail Los Angeles. Cabhróidh sé sin le Fís Éireann an uaillmhian atá leagtha amach sa phlean *Éire Dhomhanda 2025* a chomhlíonadh, ar plean a d'fhoilsigh an Rialtas le déanaí é.

I gcomhairle le geallsealbhóirí eile, thosaigh Fís Éireann ar mhapa soiléir a chruthú den mhaoiniú atá ar fáil do chuideachtaí. Leanann Fís Éireann de bheith ag obair le geallsealbhóirí i ndáil leis an maoiniú tionscadail atá ar fáil faoi na tacaí atá ann cheana, agus é mar aidhm acu tionscadail chlosamhairc idirnáisiúnta a mhealladh go hÉirinn.

Tá aghaidh á tabhairt i gcontaetha an iarthair freisin ar na costais bhreise ar scannánú a dhéanamh lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus ar na costais sin a chistiú. Seoladh ciste nua €2 mhilliún ar a dtugtar Ciste Léiritheoirí Closamhairc Réigiún an Iarthair ("Ciste WRAP") i mí Dheireadh Fómhair 2017. Tionscnamh de chuid Choimisiún Forbartha an Iarthair agus Ionad Scannán na Gaillimhe is ea sin, atá á reáchtáil i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus leis na húdaráis áitiúla ar an gClár, i nDún na nGall, i gCathair na Gaillimhe, i gContae na Gaillimhe, i Maigh Eo, i Ros Comáin agus i Sligeach. Cuireadh an ciste ar bun chun tacú leis na tionscail scannánaíochta, teilifíse, bheochana agus chluichíochta sa réigiún.

Lorgóidh na comhaltaí den Ghrúpa Stiúrtha ionchur ó na Ranna ábhartha i ndáil le Cistiú le haghaidh Fréamhshamhlacha Cluichí agus le haghaidh Forbairt Ghnó araon.

the recommendations including skills development, support to visit markets, Irish branding at events and ways to provide a stronger presence in key markets such as Los Angeles. This will assist Screen Ireland in meeting the ambition set out in the Government's recently published *Global Ireland 2025* plan.

In consultation with other stakeholders, Screen Ireland has begun work on creating a clear map of finance available to companies. Screen Ireland continues to engage with stakeholders in relation to project finance under existing supports in order to attract international audiovisual projects to Ireland.

The additional costs of filming outside of Dublin and funding these costs are also being addressed in western counties. A new €2 million fund was launched in October 2017 called "The WRAP Fund". This is an initiative of the Western Development Commission and Galway Film Centre in association with the local authorities of Clare, Donegal, Galway City, Galway County, Mayo, Roscommon, and Sligo along with Údarás na Gaeltachta, which was set up to support film, television, animation and gaming industries in the region.

The Steering Group members will also seek input from relevant Departments in relation to both Games Prototype and Business Development Funding.

**Leagfar amach sa Phlean na tosaíochtaí ardleibhéil straitéiseacha caipitil a bheidh ag an Roinn thar an gcéad deich mbliana eile, lena n-áireofar earnáil Léiriúcháin Mheán agus Chlosamhairc atá bríomhar a fhorbairt agus deiseanna eacnamaíocha nua a chruthú ar fud na hÉireann trí thacaíocht mhéadaithe ón Rialtas.**

This Plan will set out the high-level, strategic capital priorities for the Department over the next ten years which will include the development of a vibrant Media Production and Audiovisual sector, bringing new economic opportunities across Ireland, through increased Government support.

## 5. Forbairt Scileanna:

**Moltaí ó OSN:**

(A) Forbairt Scileanna Gnó
Tá bearna ann sa mhargadh maidir leis na hidirghabhálacha a dhéantar chun clár atá dírithe ar scileanna cruthaitheacha gnó a cheapadh. Chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna sin, moltar go gceapfaí cúrsa nua scileanna gnó a bheadh dírithe go háirithe ar riachtanais na gcuideachtaí san earnáil cruthaitheachta.

(B) Scileanna a Mheaitseáil le Fás Léiriúcháin
Is dóigh go mbeidh éileamh méadaithe ann ar bhaill chriú san earnáil léiriúcháin mar thoradh ar an bhfás a thiocfaidh ar an earnáil de bharr ár dtograí. Dá bhrí sin, moltar go gcuirfí plean soiléir i bhfeidhm chun na bearnaí a dhúnadh idir na scileanna atá againn in Éirinn faoi láthair agus iad sin a theastóidh ón tionscal amach anseo.

(C) An Tríú Leibhéal agus an Earnáil a Ailíniú Níos Dlúithe lena Chéile
Maidir leis na daoine san earnáil maisíochta físe, beochana agus cluichí a ndeachthas i gcomhairle leo, tharraing siad aird ar an mí-ailíniú atá ann idir na torthaí reatha ó sholáthraithe oideachais tríú leibhéal agus na riachtanais atá ag a dtionscail. Chun aghaidh a thabhairt ar an mí-ailíniú sin, moltar go dtabharfaí ról do sholáthraithe tríú leibhéal in aon chreat a bhfuil mar aidhm leis cáilíocht na gcúrsaí agus an líon mac léinn a bhíonn á soláthar a chinntiú agus rochtain a thabhairt do chleachtóirí earnála ar sheomraí ranga.

(D) A chinntiú go mbeidh Cuideachtaí Éireannacha in ann Maoin Intleachtúil a ghiaráil
Bíonn cuideachtaí Éireannacha ag streachailt leis an Maoin Intleachtúil sna tionscadail a fhorbraíonn siad agus a léiríonn siad a choinneáil ina seilbh agus leas a bhaint aisti. Chun aghaidh a thabhairt air sin, molaimid go gcinnteofaí i gcúrsaí scileanna gnó go dtuigeann cruthaitheoirí conas is féidir leo Maoin Intleachtúil a bhainistiú agus a ghiaráil.

## 5. Skills Development:

**OSN Recommendation:**

(A) Business Skills Development
A gap in the market exists between interventions, to develop a creative-focused business skills programme; the generation of a new business skills course, specifically focusing on the needs of creative sector companies, is recommended to address this.

(B) Ensure Skills to Match Production Growth
The growth of the production sector as a result of our proposals is likely to lead to the demand for greater numbers of crew in the sector; ensuring there is a clear plan available to close the gaps between the present status of skills in Ireland and the anticipated future shape of the industry is therefore recommended.

(C) Greater Alignment of the Third Level and Sector
VFX, animation, and games sector consultees have highlighted a misalignment between the current outcomes of third level education providers and the needs of their industries; engaging third level providers within a framework to ensure the quality of courses, number of students being produced, and access to classrooms for sector practitioners is suggested to address this.

(D) Ensure Irish Companies are able to leverage Intellectual Property (IP)
Irish companies struggle to hold and exploit the IP within the projects they develop and produce; to address this we recommend that business skills courses ensure that creators understand how to manage and leverage IP.

(E) Deiseanna Líonraithe agus Oiliúint
B'fhiú tacaíocht oiliúna a thabhairt mar chuid den iarracht luach na láithreachta margaidh a uasmhéadú. Chun déanamh amhlaidh, molaimid go ndéanfadh an Bord Scannán na nithe seo a leanas:

- A chinntiú go mbeidh oiliúint ar an úsáid margaí mar chuid den chúrsa oiliúna foriomlán i scileanna gnó
- Tuilleadh ócáidí líonraithe a reáchtáil sa tír seo mar chuid de thurais taithíochta

**Moltaí ó Crowe Howarth:**
Chun aidhmeanna Cholún 4 den Chlár Éire Ildánach a bhaint amach, ní mór na moltaí atá liostaithe thíos sa Tuarascáil dar teideal "Strategy for the Development of Skills for the Audiovisual Industry in Ireland" ó Crowe Howarth a chur chun feidhme freisin:

- Tá gá ann le straitéis náisiúnta a fhorbairt don tionscal scannánaíochta ar mhaithe leis an mbonn straitéiseach a chur ar fáil le haghaidh beartais agus pleananna a fhorbairt ar bhonn leanúnach i leith scileanna na hearnála closamhairc.
- Ba cheart creat beartais nua maidir le hoiliúint agus forbairt scileanna le haghaidh na hearnála closamhairc a chur le chéile ar aon dul le straitéisí náisiúnta don tionscal scannánaíochta, don ardoideachas, agus d'fhorbairt scileanna.
- Ba cheart áireamh mionsonraithe a dhéanamh ar fud an tionscail, rud a bheadh cosúil leis an obair a dhéanann Creative Skillset ar son na dtionscal cruthaitheach sa Ríocht Aontaithe.
- Ba cheart na cúrsaí is oiriúnaí don earnáil closamhairc a shainaithint.
- Tá gá soiléir ann le háireamh mionsonraithe a dhéanamh lena gcumhdaítear na cúrsaí ábhartha:
- Ba cheart leanúint le tacaíocht a thabhairt do shamhlacha dea-chleachtais laistigh den earnáil oiliúna agus ba cheart iad a bhreithniú lena leathnú ó thaobh raon feidhme agus acmhainne de.
- Ba cheart comhar feabhsaithe a chur ar bhonn foirmeálta idir soláthraithe, idir sholáthraithe san earnáil oideachais agus sholáthraithe oiliúna.

(E) Networking Opportunities and Training
Training support would be a useful adjunct to maximise the value of market attendance, to address this, we propose that the IFB:

- Ensure training on the use of markets is part of the overall business skills training course
- Provide increased networking events at home as part of 'fam' trips

**Crowe Howarth Recommendations:**
The pathway to achieving the aims of Pillar 4 of the Creative Ireland Programme also requires implementing recommendations in the Crowe Howarth Report "Strategy for the Development of Skills for the Audiovisual Industry in Ireland" listed below:

- There is a requirement to develop a national strategy for the screen industry, to provide the strategic foundation for ongoing development of policies and plans in respect of the audiovisual sector skills.
- A new policy framework for training and skills development for the audiovisual sector should be developed in line with national strategies for the screen industry, for higher education, and for skills development.
- A detailed census should be undertaken across the industry, similar to the work undertaken by Creative Skillset for the creative industries in the UK.
- The courses most relevant to the audiovisual sector should be identified.
- There is a clear need for a detailed census to be undertaken, covering the relevant courses:
- Models of good practice within the training sector should continue to be supported and should be considered for expansion in scope and capacity.
- Improved coordination should be formalised between providers, both in the education sector and in training provision.
- Development and continuation of much stronger links between training and education providers and the audiovisual industry.

- Ba cheart naisc níos láidre a fhorbairt agus a chothú idir soláthraithe oiliúna agus oideachais agus an tionscal closamhairc.
- Ba cheart cúrsaí tríú leibhéal a fhorbairt ar aon dul le tosaíochtaí straitéiseacha ar leibhéal náisiúnta agus réigiúnach don tionscal scannánaíochta, don ardoideachas, agus d'fhorbairt scileanna.
- Teastaíonn cur chuige níos comhtháite atá ag teacht le straitéisí náisiúnta don tionscal scannánaíochta, don ardoideachas, agus d'fhorbairt scileanna.
- Tá gá ann le soláthar (agus an cistiú gaolmhar) a réasúnú laistigh den earnáil Ardoideachais/ Breisoideachais.
- Ba cheart méid iomlán na riachtanas cistiúcháin sa todhchaí a dhéanamh amach.
- Ba cheart ciste oiliúna a fhorbairt ach cur chuige tobhach tionscail a úsáid.
- Ba cheart Screen Training Ireland a athchóiriú go hiomlán chun fíorcheannaireacht a chur ar fáil agus chun athruithe fadtéarmacha a chur chun feidhme maidir le forbairt scileanna san earnáil closamhairc.

**Freagra ar na Moltaí maidir le Forbairt Scileanna:**
Chuir Fís Éireann fochoiste i bhfeidhm chun oiliúint agus scileanna a chumhdach agus gníomhú ar na moltaí a liostaítear sa dá thuarascáil.
Tríd an bhfochoiste comhairleach oiliúna sin, tá tús curtha ag Fís Éireann le hobair ar roinnt de na moltaí, lena n-áirítear:

- forbairt scileanna gnó,
- scileanna a mheaitseáil le fás léiriúcháin,
- ailíniú níos fearr leis an earnáil tríú leibhéal agus le hoiliúint líonraithe.



- Development of third-level courses should be in line with national and regional strategic priorities for the screen industry, for higher education, and for skills development.
- A more cohesive approach is required which ties in with national strategies for the screen industry, for higher education, and for skills development.
- There is a need for a rationalisation of provision (and associated funding) within the HE/FE sector.
- The overall quantum of future funding requirements should be determined.
- A training fund should be established, using an industry levy approach.
- Screen Training Ireland should be revamped to provide real leadership and to implement lasting change with regard to skills development within the audiovisual sector.

**Response to Recommendations relating to Skills Development:**
Screen Ireland has put in place a sub-committee of the Board to cover training and skills and act on recommendations listed in both reports.

Through this training advisory sub-committee, Screen Ireland has already commenced work on some of the recommendations including:

- business skills development,
- matching skills with production growth,
- greater alignment with third level sector and networking training.





*Sing Street*
Image courtesy of Screen Ireland

Sa bhliain 2018, déanfaidh Fís Éireann/Screen Training Ireland bainisteoir oiliúna a cheapadh, iniúchadh ar bhearnaí scileanna a chur i gcrích san earnáil léiriúcháin bheoghnímh, san earnáil léiriúcháin bheochana agus san earnáil léiriúcháin teilifíse. Breithneoidh siad samhlacha creidiúnúcháin freisin.

Sa bhliain 2018, tá Údarás Craolacháin na hÉireann ag díriú ar chaidreamh a chothú chun feabhas a chur ar an gcomhoibriú atá ar bun idir an tionscal agus an earnáil oideachais d'fhonn cabhrú leis an soláthar oideachais a ailíniú le riachtanais an tionscail.

Buanmhír ar chlár oibre an Choiste Stiúrtha (lena n-áireofar ionadaithe ón Roinn Oideachais agus Scileanna) a gcuirfear de chúram air forbairt an Phlean a mhaoirsiú a bheidh in oiliúint a mhaoirsiú agus san earnáil oideachais a ailíniú le riachtanais an tionscail.

## 6. Athchóiriú Rialála:

**Moltaí ó OSN:**

(A) Glacadh leis na hAthbhreithnithe ar an gCoinbhinsiún Eorpach

Chun cabhrú le rannpháirtíocht Éireannach i gcomhléirithe Eorpacha scannánaíochta, ba cheart d'Éirinn glacadh leis na hathbhreithnithe a rinneadh le déanaí ar an gCoinbhinsiún Eorpach maidir le Comhléiriúchán Cineamatagrafach.

(B) Samhail na Táille Ceadúnais Teilifíse a Athbhreithniú

Tá gnéithe suntasacha seachanta ann de shamhail reatha na táille ceadúnais. Cruthaíonn sé sin dúshlán do RTÉ le linn tréimhse ina bhfuil sé ag streachailt cheana féin mar thoradh ar an laghdú ar ioncam fógraíochta. Ba cheart samhail bailithe na táille ceadúnais a athbhreithniú chun dul i ngleic le seachaint agus ba cheart deireadh a chur leis an díolúine reachtúil atá ann faoi láthair do ghléasanna seachas teilifís thraidisiúnta.

During 2018, Screen Ireland/Screen Training Ireland will appoint a training manager, undertake a skills-gap audit across live-action, animation and television productions sectors, and also consider accreditation models.

In 2018, the BAI is focusing on brokering relationships to enhance collaboration between the industry and the educational sector with a view to facilitate the alignment of educational provision with the industry needs.

The oversight of training and the alignment of education sector to the needs of the industry will be a standing item on the agenda of the Steering Committee (which will include representation from the Department of Education and Skills) tasked to oversee development of the Plan.

## 6. Regulatory Reform:

**OSN Recommendations:**

(A) Sign up to European Convention Revisions

In order to facilitate Irish participation in European film co-productions, Ireland should sign up to the recently-made revisions to the European Convention on Cinematographic Co-Production.

(B) Revise the TV Licence Fee Model

The present licence fee model has significant elements of evasion, creating a challenge for RTE at time when they are already struggling due to the fall in advertising revenues. The licence fee collection model should be revised to tackle evasion and the current statutory exemption for devices other than traditional TV should be removed.

(C) Táillí Athchraolta Teilifíse Satailíte agus Teilifíse Cábla

Cruthaítear ligean suntasach luacha mar thoradh ar an tsamhail reatha "iompair éigeantaigh" agus "tairisceana éigeantaí" i leith cainéil saorchraolta a thairgeann cuideachtaí teilifíse satailíte agus teilifíse cábla atá i mbun oibre in Éirinn. Ba cheart an reachtaíocht a athbhreithniú chun RTÉ agus stáisiúin shaorchraolta eile a dtéann an oibleagáid seo i bhfeidhm orthu a chumasú tabhairt faoi idirbheartaíocht margaidh chun luach an ábhair a sholáthraíonn siad saor in aisce faoi láthair a ghnóthú.

**Freagra ar na moltaí maidir le hathchóiriú rialála:**

- Tá an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta ag obair i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála faoi láthair chun glacadh leis an gCoinbhinsiún Eorpach maidir le Comhléiriúchán Cineamatagrafach, rud a athraíodh chun dáta le déanaí.
- An 28 Samhain 2017, d'fhoilsigh an Comhchoiste Oireachtais um Chumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol Tuarascáil ar Chistiú an Chraolacháin Seirbhíse Poiblí sa Todhchaí. D'fhoilsigh sé Tuarascáil ar an nGrinnscrúdú Réamhreachtach ar Scéim Ghinearálta an Bhille Craolacháin (Leasú) 2017 agus Tuarascáil ar Tháillí Atarchuir an 8 Márta 2018 freisin. Tá na moltaí ón gCoiste á mbreithniú faoi láthair ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

(C) Satellite and Cable Rebroadcasting Fees

The current model of "must offer" and "must carry" in respect of free to air channels carried by satellite and cable companies operating in Ireland causes significant leakage in value. Legislation should be revised to allow RTE and other free-to-air channels stations impacted by this obligation to undertake market negotiations to realise the value of the content they currently provide for free.

**Response to recommendations relating to regulatory reform:**

- The Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht is working with the Department of Foreign Affairs & Trade to sign the recently-updated European Convention on Cinematographic Co-Production.
- The Joint Oireachtas Committee on Communications, Climate Action and Environment published a Report on the Future Funding of Public Service Broadcasting on 28th November 2017 and a Report on the Pre-Legislative Scrutiny of the General Scheme of the Broadcasting (Amendment) Bill 2017 and Retransmission Fees on 8th March 2018. The Committee's recommendations are currently under consideration by Department of Communications, Climate Action and Environment.

## 7. Margaíocht:

**Moltaí ó OSN:**

(A) Brandáil "Cluichí Éireannacha" ag Ócáidí

Soláthraíonn Éire seastáin bhrandáilte ag ócáidí scannánaíochta agus teilifíse, ach níltear á soláthar faoi láthair ag margaí idirnáisiúnta cluichí faoi láthair. Ba cheart súil a choinneáil ar an acmhainneacht a bhaineann leis sin san earnáil cluichí chun go mbeifear in ann dul i mbun cur chun feidhme lom láithreach má mhéadaíonn an t-éileamh san earnáil.

(B) Mórstiúideo Cluichí a Mhealladh go hÉirinn

Ba cheart d'Éirinn féachaint le mórstiúideo cluichí a mhealladh go hÉirinn chun brainse áitiúil a oscailt. Tá stiúideonna den sórt sin ina gcuid dhílis de lear earnálacha rathúla cluichí, agus is é an toradh a bheidh ar chur chun feidhme molta alt 481 le haghaidh cluichí go mbeidh Éire ina ceann scríbe i bhfad níos tarraingtí le haghaidh brainse a bhunú ann.

(C) Tacaíocht Theoranta le haghaidh Cuairt a Thabhairt ar Mhargaí

Tugann margaí earnála cruthaitheachta deis do chruthaitheoirí ábhair conarthaí, maoiniú agus díolacháin a ghiniúint, ach tá siad costasach le rochtain agus le húsáid. Moltar go soláthrófaí tacaíocht theoranta le haghaidh cuairt a thabhairt ar mhargaí do chuideachtaí a bhfuil ábhar le díol acu agus a bhfuil straitéis shoiléir acu le haghaidh an ócáid a úsáid, más amhlaidh nach leor an soláthar reatha.

**Freagra ar na moltaí maidir le Margaíocht:**

- Scrúdóidh Fís Éireann, Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann an bhrandáil "Cluichí Éireannacha" ag ócáidí agus, i gcomhairle le Fiontraíocht Éireann, athbhreithneoidh Fís Éireann na tacaí atá ar fáil le haghaidh cuairt a thabhairt ar mhargaí.
- Chomh maith leis sin, athbhreithneoidh an Grúpa Stiúrtha na tionscnaimh a bhfuil mar aidhm leo mórstiúideo cluichí a mhealladh go hÉirinn.

## 7. Marketing:

**OSN Recommendations:**

(A) "Irish Games" Branding at Events

Ireland provides branded stands at film and TV events, but no equivalent is presently provided at international games markets; the potential for this in the game sector should be kept under observation, being ready to implement if the growth of the sector demands.

(B) Attract a Major Games Studio to Ireland

Ireland should attract a major games studio to open a local branch; such studios form the core of many successful games sectors, and the recommended implementation of Section 481 for games will make Ireland a much more attractive destination for such an establishment.

(C) Limited Support to Visit Markets

Creative sector markets provide an opportunity for content creators to generate contacts, financing, and sales, but are expensive to access and use; the provision of limited support to visit markets, for companies with content to sell and a clear strategy for using the event is proposed, if current provision is insufficient

**Response to recommendations relating to Marketing:**

- Screen Ireland, Enterprise Ireland, and IDA Ireland will examine "Irish Games" branding at events while Screen Ireland will review supports to visit markets in consultation with Enterprise Ireland.
- The Steering Group will also review initiatives to attract a major games studio to Ireland.

**I gcomhar leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, scrúdóidh an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil na sásraí atá ann le haghaidh léiriúchán Gaeilge a chur chun cinn tuilleadh.**

The Department of Communications, Climate Action and Environment in conjunction with the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht will examine mechanisms to further promote Irish language production.

## 8. Tacaí agus athchóirithe eile:

**Moltaí ó OSN:**

(A) A chinntiú go mbeidh Cuideachtaí Éireannacha in ann Maoin Intleachtúil a choinneáil ina seilbh

Ós rud é go mbíonn cuideachtaí Éireannacha ag streachailt leis an Maoin Intleachtúil sna tionscadail a fhorbraíonn siad agus a léiríonn siad a choinneáil ina seilbh agus leas a bhaint aisti, molaimid go gcinnteodh maoinitheoirí nach gcuirfeadh idirghabhálacha as dó sin de thaisme.

(B) Áitribh Ghnó ar Phraghas Réasúnta

Bíonn deacrachtaí ag cuideachtaí a oibríonn sna hearnálacha cruthaitheachta in Éirinn áitreabh gnó atá ar phraghas réasúnta nó oiriúnach a aimsiú, rud a chuireann as d'fhás agus do nuálaíocht. Ba cheart don Rialtas, dá bhrí sin, idirghabhálacha a bhreithniú don earnáil agus athruithe a dhéanamh más gá.

(C) Athbhreithniú a dhéanamh ar thosca a chuireann cosc ar thacaíocht do phoist choibhéise lánaimseartha

Athbhreithniú a dhéanamh ar thosca a d'fhéadfadh cosc a chur ar na hearnálacha closamhairc roinnt tacaí poiblí a rochtain, agus aon athruithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil a shainaithint, chun a chinntiú gurb oiriúnach don fheidhm fós a bheidh sraith tacaí don earnáil cultúir agus d'fhoirmeacha nua oibre nach gá dóibh bheith bunaithe ar fhostaíocht bhuan.

(D) Léiriúchán Gaeilge a Chur Chun Cinn

Is féidir le léiriúchán Gaeilge a bheith ina fhoinse thábhachtach gníomhaíochta geilleagraí, go háirithe i gceantair réigiúnacha agus thuaithe. Ba cheart an Ghaeilge a chur chun cinn tuilleadh san earnáil closamhairc in Éirinn.

## 8. Other supports and reforms:

**OSN Recommendation:**

(A) Ensure Irish Companies are able to hold onto Intellectual Property (IP)

As Irish companies struggle to hold and exploit the IP within the projects they develop and produce, we recommend that funders ensure that interventions do not inadvertently inhibit this.

(B) Affordable Business Premises

Companies operating in the creative sectors in Ireland struggle to find affordable or suitable business premises, inhibiting growth and innovation; the Government should therefore consider interventions for the sector, and make changes if required.

(C) Review factors that inhibit support for FTE jobs

Review factors that may inhibit the audiovisual sectors from accessing some public supports, and identify any required changes, to ensure that a suite of supports remain fit for purpose for both the cultural sector and for newer forms of work not necessarily based on permanent employment.

(D) Promotion of Irish Language Production

Irish language content production can be an important source of economic activity especially in regional and rural areas. There should be further promotion of the Irish language in the audiovisual sector in Ireland.

**Freagra ar na moltaí maidir le tacaí agus foirmeacha eile:**

- Soláthraíonn Fiontraíocht Éireann cabhair do chuideachtaí i réimse na Maoine Intleachtúla. Scrúdóidh Fís Éireann bealaí a d'fhéadfaí feabhas a chur ar thacaí do chuideachtaí closamhairc sa réimse seo.
- Scrúdóidh an Grúpa Stiúrtha na samhlacha le haghaidh spás stiúideo a thabhairt d'ealaíontóirí cruthaitheacha.
- Sheol TG4, Fís Éireann agus an tÚdarás Craolacháin tionscnamh nua ar a dtugtar an Cine4 Development Scheme. Is tionscnamh nua comhchistiúcháin é a bhfuil mar aidhm leis tacú le príomhscannáin i nGaeilge a fhorbairt agus a léiriú trí chistiú ar fiú suas le €125,000 in aghaidh na bliana é a chur ar fáil. Tá Fís Éireann ag tabhairt €300,000 an ceann do dhá phríomhscannán i nGaeilge sa bhliain 2018 agus sa bhliain 2019 freisin.
- I gcomhar leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, scrúdóidh an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil na sásraí atá ann le haghaidh léiriúchán Gaeilge a chur chun cinn tuilleadh.
- Anuas air sin, athbhreithneoidh an Grúpa Stiúrtha tosca a d'fhéadfadh cosc a chur ar thacaíocht do phoist choibhéise lánaimseartha

**Response to recommendations relating to other supports and forms:**

- Enterprise Ireland provides assistance to companies in the area of Intellectual Property. Screen Ireland will examine ways to improve supports for Audiovisual companies in this area.
- The Steering Group will examine models for the provision of studio space for creative artists.
- A new initiative has been launched by TG4, Screen Ireland and the BAI called the Cine4 Development Scheme, a new joint-funding initiative to support the development and production of feature films in the Irish language with funding of up to €125,000 annually. Screen Ireland is also providing €300,000 each for two feature films in the Irish Language in 2018 and again in 2019.
- The Department of Communications, Climate Action and Environment in conjunction with the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht will examine mechanisms to further promote Irish language production.
- The Steering group will also review factors that may inhibit support for FTE jobs



*The Breadwinner*
Image courtesy of Screen Ireland

# 4 Conclúid
## Conclusion

Beidh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta in ann formhór na moltaí a leagtar amach thuas a chistiú agus leanfaidh sí ar aghaidh ag obair leis na geallsealbhóirí go léir san Earnáil Closamhairc ar mhaithe leis na moltaí a leagtar amach sa Tuarascáil ó OSN a chur chun feidhme.

Foilseofar tuarascáil ar dhul chun cinn ar an bPlean Gníomhaíochta Closamhairc gach bliain. Tá an chéad tuarascáil le foilsiú sa bhliain 2019. Sa tuarascáil ar dhul chun cinn, déanfar tomhas ar na héachtaí faoin bPlean Gníomhaíochta agus leagfar béim ar na forbairtí a rinneadh chun tacú leis an Earnáil Closamhairc in Éirinn.

Athbhreithneoidh an Grúpa Stiúrtha an dul chun cinn atá á dhéanamh ar na moltaí sa Tuarascáil ó OSN agus na gníomhartha "Leanúnacha" a chur chun feidhme. Bainfear leas as an tuarascáil ar dhul chun cinn chun spriocanna soiléire a shocrú, agus tuairisc a thabhairt orthu, thar thréimhse feidhme an Phlean Gníomhaíochta.

Ina theannta sin, tá sé mar aidhm ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta an Grúpa Stiúrtha a úsáid chun gníomhartha nua a bhaineann leis an Earnáil Closamhairc a shainaithint, a cheapadh agus a thabhairt isteach ar bhonn leanúnach.

The Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht will be able to fund a majority of the recommendations outlined above and will continue to work with all stakeholders in the Audiovisual Sector in aiming to meet all recommendations outlined in the OSN Report.

A progress report on the Audiovisual Action Plan will be published every year, with the first report due to be published in 2019. The progress report will provide a measure of the achievements under the Action Plan and highlight developments which have taken place to support the Audiovisual Sector in Ireland.

Progress on the delivery of OSN recommendations, along with "Ongoing" actions, will be reviewed by the Steering Group. The progress report will enable clear targets to be set and reported on over the lifetime of the Action Plan.

The Minister for Culture, Heritage and the Gaeltacht also intends to use the Steering Group to identify, formulate and introduce new actions relating to Audiovisual Sector on an on-going basis.



*The Lobster*
Image courtesy of Screen Ireland



creative.ireland.ie

An Roinn Cultúir,
Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture,
Heritage, and the Gaeltacht